C/2024/3276

22.5.2024

Fógra le haghaidh eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2024/3276)

Dírítear aird an Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) (Uimh. 123), eintiteas atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/2432 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2430 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an t-eintiteas thuasluaite a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle ([5]) agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle ([6]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus d'eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua.

Cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh sé an dréachtráiteas ar chúiseanna, **roimh an 29 Bealtaine 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
([2]) IO L 318 I, 12.12.2022, lch. 32.
([3]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
([4]) IO L 318 I, 12.12.2022, lch. 20.
([5]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 20.
([6]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.